






# AISTEAR – Taiscéal agus Smaoineamh

Baineann an téama **taiscéal agus smaoineamh** le páistí a bheith ag foghlaim faoi na rudaí, na háiteanna agus na daoine atá ina dtimpeall. Cuirfidh na leabhair sa mbailiúchán seo ar chumas na ngasúr an domhan ina bhfuil said a fhiosrú agus ceisteanna a chur agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí, uimhreacha agus siombailí a thuiscint agus a gcuid réiteach féin ar fhadhbanna a fhorbairt.




comhairle chontae na mí  
*meath county council*

	<p><b>‘Ainmhithe na hÉireann’</b>  <b>Juanita Browne, Fidelma Ni Ghallchobhair agus Aoife Quinn</b>  <b>Cois Life</b></p> <p>Pictiúrleabhar galánta lánmhaisithe ina dtugtar léargas ar fhiadhúlra iontach na hÉireann. Cé atá in ann ‘hiopnóis’ a chur ar choinín lena rince aisteach? Cén t-ainmhí atá breis is fiche uair níos troime ná T-Rex? Cén t-ainmhí a bheireann ar 3,000 feithid gach oíche, agus a bhaineann leas as fuaim chun iad a aimsiú.</p>
	<p><b>‘Tá mé ag fás: Ainmhithe Ferime’</b>  <b>Lisa Magloff agus Máire Ní Chualáin</b>  <b>Futa Fata</b></p> <p>Tagaimid ar an saol ina n-ainmhithe beaga, ch conas a fhásaimid ina n-ainmhithe móra fheiceann tú ar an bhfeirm? Cas na leathanaigh agus féach orainn – táimid ag fás? Bainfidh tú spraoi as a bheith ag foghlaim faoi rothaí an tsaoil leis na grianghraif áille agus an téasc spéisiúil! Tá an leabhar soe lán d’eolas faoi gach cineál ainmhí feirme.</p>
	<p><b>‘Tá mé ag fás: Frog’</b>  <b>Lisa Magloff agus Tadhg Mac Dhonnagáin</b>  <b>Futa Fata</b></p> <p>Tagaim ar an saol i mo thorbán beag. Conas a chasaim isteach i mo fhrog beag glas? Cas na leathnaigh agus féach orm – tá mé ag fás!      Le grianghraif áille agus téasc spéisiúil, bainfidh tú spraoi ag foghlaim faoi chiorcal na beatha! Tá an leabhar seo lán d’eolas faoi gach cineál froig!</p>
	<p><b>‘Tá mé ag fás: Coileán’</b>  <b>Lisa Magloff agus Máire Ní Chualáin</b>  <b>Futa Fata</b></p> <p>Tagaim ar an saol i mo choileán beag, bídeach. Conas a fhásaim i mo mhadra? Cas na leathanaigh agus féidir tú féach mé ag fás! Bainfidh tú spraoi as a bheith ag foghlaim faoi rothaí an tsaoil leis na grianghraif áille agus an téasc spéisiúil! Tá an leabhar seo lán d’eolas faoi gach cineál madra</p>




**'Tá mé ag fás: Ápaí'**  
**Lisa Magloff agus Tadhg Mac Dhonnagain.**  
**Futa Fata**

Tá gach leabhar lán d'eolas faoi shaolré ainmhithe éagsúla, ag tosú amach ina mbabaithe beaga, go dtí go mbíonn siad fásta suas.  
 Tá an leabhar seo lán d'eolas faoi gach cineál ápa ar fud an domhain.



**'Tá mé ag fás: Panda'**  
**Lisa Magloff agus Tadhg Mac Dhonnagain**  
**Futa Fata**


Saol na bbandai mora sa tSin agus an obair ata ar siul lena gcaomhnu.



**'Tá mé ag fás: Puisín'**  
**Lisa Magloff agus Máire Ní Chualáin.**  
**Futa Fata**


Tagaim ar an saol i mo phuisín. Conas a fhásaim i mo chat? Le grianghraif áille agus téacs spéisiúil, bainfidh tú spraoi as a bheith ag foghlaim faoi rothaí móra an tsaoil! Thitfeadh duine ar bith i ngrá leis na hainmhithe beaga áille faoi chlúdaigh na leabhar seo. An-oiriúnach don seomra ranga agus le léamh sa bhaile chomh maith. Is breá le páistí de gach aois coileáiníní agus puisíní!






**‘An Garbhán’**  
**Julia Donaldson, Axel Scheffler agus Gabriel Rosenstock**  
**An Gúm**

Chuaigh luch ar strae isteach sa choill. Is bhuaile le sionnach gan aon rómhoill.  
 ‘Ar strae atá tú?’ Ó mo bhrón! Tar liom abhaile is íosfaimid lón.’  
 Tugtar cuireadh duit dul ag spaisteoireacht sa choill. Ní bheadh a fhios agat cé na neacha aisteacha a chasfaí ann ort, an Garbhán cuir i gcás.




**Mo Theachín gan Chuma gan Chaoi**  
**Julia Donaldson and Axel Scheffler**  
**Futa Fata**

Níl an tseanbhean píoc sásta – tá a teachín i bhfad róbheag, fiú dhuine amháin. Ach cad is féidir a dhéanamh?




**‘An Seilide agus an Míol Móra’**  
**Julia Donaldson, Axel Scheffler agus Gabriel Rosenstock**  
**An Gúm**

Ba bhreá leis suí ar an gcarraig gach lá. Is é ag féachaint amach ar na longa sa bhá. ‘Ba dheas liom taisteal i bhfad i gcéin, An tSín, an tSeapáin nó an Afraic féin! Sea’ arsa Subh, nár bhreá lem croí bheith thall in Albain nó in Tennessee!’



**‘Amy agus Claire agus An Pheist Mhór’**  
**Susan Edwards, Ré Ó Laighléis agus Emily Colenso**  
**Móinín**


Tagann gliondar ar chroíthe Amy agus Claire nuair a stopann an bháisteach. Anois is féidir leo dul amach chun spraoi. Ach ní heol dóibh a bhfuil rompu in imeacht an spraoi sin...



### 'Seachain do Bhrístín'

Claire Freedman, Ben Cort agus Gabriel Rosenstock  
An Gúm

Tá ábhar an scéil seo cinéal neamhgnách – fó-éadaí. Tagann na carachtair sa scéal ón bplainéad Cneas agus bíonn siad sa tóir ar bhrístíní. Is aoibheann leo bheith in Éirinn agus is cuma leo cé leis na brístíní. Is leabhar lán le beocht é ach an rud is fearr faoin leabhar ná na léaráidí geala atá lán le dathanna láidre agus spraoi. Tá seans ann nach réiteoidh deireadh an leabhair le ach an duine áfach.




### 'Cén Fáth?: Cén Fáth a bhfuil Cuma ait orainn?'

An Gúm

Cén fáth a mbíonn srón an-fhada ar eilifint? Cén fáth a mbíonn míolta móra ag spraeáil uisce? Cén fáth a líonn cat é féin? Foghlaim faoi na nósanna neamhghnácha sin a bhíonn ag ainmhithe ó chuile chearn den domhan.

Tá gach leathanach maisithe go haoibhinn le léaráidí lán brí agus grinn agus tugtar freagra ar gach ceist sna blúirí eolais faoi ainmhithe ar nós, an Leon, an Eilifint, an Crogall, an Séabra, an Srónbheannach agus tuilleadh nach iad.



### 'Thugas an Ghealach ag Siúl'

Carolyn Curtis, Alison Jay agus Gabriel Rosenstock  
An Gúm

Tá draíocht, samhlaíocht agus filíocht fite fuaite ina chéile sa scéal gleoite seo. Tugtar an léitheoir ar turas trastíre agus comhludhar iontach aige feadh na slí. Leabhar aoibhinn le léamh le chéile – gach oíche!






### 'BÉARLEABHAR MÓR: Seo Linn Ar Saoire!'

Richard Fowler  
An Gúm


Tá na Béir ar a laethanta saoire agus iad ag baint taitnimh acu. Téann siad ar thuras, tugann siad cuairt ar mhúsaem, téann siad chuig dráma amuigh faoin spéir. Féach an féidir leat rudaí atá i bhfolach a aimsiú – aon cheann déag ar gach aon leathanach. Bí ag faire amach do na Béir freisin. In aon sraith leis seo: SIN É ANSIN É!



### 'Féach, Faigh & Foghlaim: Sin é, Ansin é!'

Richard Fowler  
An Gúm

Tá seachtain ghnóthach curtha isteach ag na béir. Tá siad le feiceáil i ngach ceann de na pictiúir sa leabhar seo. Beidh spraoi ag na páistí á lorg. Ar ndóigh, tá liosta beag earraí a chaithfear a aimsiú agus ainmniú freisin. Spraoi agus foghlaim d'aon iarraidh amháin!



### 'Ar Fud an Domhan: Ár nAinmhithe'

An Gúm/Oxfam

Is iomaí leas a bhaineann daoine as ainmhithe. Bíonn siad mar pheataí acu nó mar ábhar bia agus éadaigh agus úsáidtear iad chun nithe a iompar chomh maith.

Tá pictiúir sa leabhar seo de chineálacha éagsúla ainmhithe ó áiteanna ar fud an domhain. Pictiúir den scoth iad de leanaí in éineacht lena gcuid ainmhithe I Maracó, I nGuatamala, sa Táidsíceastáin agus scata tíortha eile. Músclóidh idir pictiúir agus téacs spéis sa chultúr lena mbaineann siad I leanaí óga.

**'Ar fud an Domham: Rothair'**

Kate Petty  
An Gúm/Oxfam

Bíonn rothair ag páistí gach áit ar fud an domhain. Téann siad ar scoil orthu agus téann siad ag rothaíocht lena gcairde. Sa leabhar gleoite seo tá pictiúir de dhaoine as áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus rothar de chineál amháin nó eile acu go léir. Rachaidh na pictiúir áille i bhfeidhm go mór ar pháistí óga agus foghaimeoidh siad mórán faoi thíortha agus faoi chultúir eile.

**'Am Sproai'**

Kate Petty agus Gabriel Rosenstock  
An Gúm/Oxfam

Is aoibhinn le páistí a bheith ag sproai lena rogha bréagán, nó ag imirt a rogha cluiche. Tá grianghraif spleodracha ó cheithre chearnna cruinne anseo de pháistí ag sproai ina n-aonar nó lena gcairde. Caith tamall sproai le páistí ó Vítneam, ón Rúis nó ón mBrasáil.

**'Ar fud an domhain: Gruaig'**

Kate Petty agus Gabriel Rosenstock  
An Gúm/Oxfam


Is iomaí stíl ghruagige a fhaightear ar fud an domhain. Cúrsaí aimsire a spreagann cuid díobh. Uaireanta eile is cóiriú gruaige le haghaidh ócáide a bhíonn ann. Tá stíleanna iontacha ó thíortha éagsúla sa leabhar seo. Bainfidh páistí óga an-sproai as na grianghraif iontacha ón India, ón bPacastáin, ó Ghána agus ó an-chuid áiteanna eile.

**'Anseo atá Muid: Notaí faoi chónaí ar an domhan'**

Oliver Jeffers agus Máire Zepf  
Futa Fata


Nuair a tháinig páiste Oliver Jeffers ar an saol, rinne sé an leabhar seo dó, le heolas a thabhairt dá mhaicín faoin phláinéad álainn a bhfuil cónaí orainn ar fad ann. Leabhar aoibhinn é do theaghlach ar bith atá ag cur fáilte roimh leanbh nua.






**'An Goraille'**  
Suzi Eszterhas  
An Gúm

Sa leabhar gleoite seo caitear súil ghrinn an ghrianghrafadóra ar ghoraille sléibhe ón uair a thagann sí ar an saol go mbíonn sí ina goraille lánfhásta agus í sé bliana d'aois. Taobh leis na grianghraif áille déanta cur síos ar shaol na ngoraillí – cúrsaí teaghlaigh agus bia, mar a thógtar iad agus mar a dhéanann siad cumarsáid le chéile. Áis iontach é an leabhar se sa bhail agus sa seomra ranga araon!




**'Dinnéar do Toby'**  
Triona Ní Chinnéide agus Annie West  
Cló Maigh Eo

Bíonn brionglóid álainn ag Toby faoi dhinnéar blasta! Tá sé cinnte go mbeidh rud éigin blasta sa chistin dó. Ach níl. Toby bocht... Cad a dhéanfaidh sé anois? Tá cúpla smaoinemh ag a chara, Gus



**'An Chnámh A Chaill Toby'**  
by Triona Ní Chinnéide agus Annie West  
Cló Maigh Eo


Toby bocht. Bíonn ocraas air i gcónaí. Tá a fhios aige go bhfuil cnámh curtha i bhfolach aige áit éigin ... ach cén áit? Caithfidh sé féin agus Gus dul sa tóir uirthi. Ach tá go leor rudaí eile sa ghaoidín freisin



**'Mise agus an Dragún'**  
Patricia Forde agus Steve Simpson  
Futa Fata

"Nuair a bheidh mise mór rachaidh mé ag seilg drragúin!" Tá béirín beag ag smaoinemh faoin lá a mbeidh sé ina bheár mór misniúil, gan faitíos air roimh rud ar bith. Ach faoi láthair, cuireann rudaí go leor faitíos air... Scéal álainn faoi thuras fada isteach i dtír na samhlaíochta. Beidh tú faoi dhraíocht ag na pictiúir agus titfidh tú i ngrá leis an mbéirín!






**'Seo agat Féileacáin'**  
**Alejandro Algarra agus Daniel Howarth**  
**An Gúm**

An ndearna tú iontas d'fhéileacán riamh? Sa leabhar seo beidh tú i gcomhlúadar ceann de na feithidí gleoite seo agus é ag cur síos duit ar shaol na bhféileacán Scaoilfidh sé cúpla rún leat go fiú! Tá cur síos ann ar a slí a maireann siad le chéile, ar a gcuid nósanna ar a gcuid bia agus ar an tslí a dtagann na féilecáin óga ar an saol, go háirithe an claoclú míorúilteach sin ón mbolb go dtí an féileacán álainn. Tá sraith fíricí suimiúla i ndeireadh an leabhair faoin mbaint thábhachtach atá ag na féilecáin leis an timpeallacht



**'Frog sa Spéir'**  
**Eric Drachman agus James Muscarello**  
**Futa Fata**

Is frog speisialta é Frainc. Níl sé sásta a bheith ag snámh. Ag iarraidh eitilt atá sé! Deir Mamaí agus Daidí leis nach bhfuil frogar bith in ann eitilt – ach meas tú an gcuirfidh sé sin stop leis? Tar le Frainc agus é ag léim agus titim, go dtí go dtagann sé faoi dheireadh ar a áit speisialta féin sa lochán uisce.




**'Laochra Lúfara: Gaiscí Nirt agus Troda'**  
**Isabel Thomas**  
**An Gúm**

Cé acu seilide, an cobra, nó an tiasc a bhuafadh an bonn óir sa bhoghdóireacht? Tá freagra na ceiste sin agus mórán eile le fáil ach an leabhar seo a oscailt! Sa sraith seo gheobhaimid amach cé na hainmhithe is lúfara, is láidre agus is tapúla ar fad. Níos tábhachtaí fós, gheobhaimid amach cé na hainmhithe a bheadh in ann an lámh in uachtar a fháil ar na lúthcleasaithe daonna is fearr sna Cluchí Oilimpeacha. Na cluchí nirt agus troda a bheidh faoi chaibidil sa leabhar seo. Téann an eilifint agus an seangan in adharca a chéile sa tógáil meáchan, agus téann an cangarú ag troid in aghaidh an ghiorria sa dornálaíocht.




**'Eachtra Mór Lúidín'**  
**Martin Waddell, John Lawrence agus Seosamh Ó Murchú**  
**An Gúm**

Ní raibh Lúidín i ngort an arbhair riamh cheana. Feiceanna sé roinnt mhaith rudaí iontacha den chéad uair!



**'Mise agus Mamaí'**  
An Gúm

Sa leabhar seo, foghlaim faoi ainmhithe beaga agus a máithreacha




**'Ár gCairde'**  
An Gúm

Sa leabhar seo, foghlaim faoi ainmhithe difriúla agus a gcuid cairde



**'Cluaisíní Cliste: An Chéad 100 uimhir'**  
Jo Ryan, Aimée Chapman agus Natalie Munday  
An Gúm


Cé mhéad ainmhí atá sa chró? Cuardaigh na crosóga mara! Cá bhfuil na ceithre bhóin Dé? Ardaigh cluaisíní an leabhair ghleoite seo agus bí ag comhaireamh leat!



**'Siúlóid Bhreá'**  
Mary Arrigan  
An Gúm

Ní hé seo an chéad uair a casadh Daideo oraibh ná go deimhin, a bhean Dóirín, ach oiread. Chuir sibh aithne orthu a chéadair in An Scáth Báistí. Anois tá madra acu, madra a bhfuil meas a domhain ag Daideo air ach a bhíonn ina chrá croí g Dóirín uaireanta. Sa chás seo tugann Daideo an madra amach ag siúl. Ní shásódh aon ní é ach Rex a thabhairt go dtí páirc mhór phoiblí áit a mbeidh sairse cheart aige agus siúlóid shuaimhneach aige féin.






**'Finscéalta Sionnaigh – Fox Fables'**  
Dawn Casey, Jago agus Seán Ó Muimhneacháin  
Mantra Lingua

Pairing Aesop's fables with those from other cultures, this series introduces readers to world literature and enables them to pick out moral themes common to many cultures. The fables have been chosen to provide ample scope for discussing moral and ethical questions and Citizenship topics. These titles also include teaching notes and can be used for a wide range of cross-curricular activities, making these collections a wonderful addition to any classroom.




**'Rita agus an Ninja'**  
Máire Zepf  
An tSnáthnaid Mhór

Is cailín beag í Rita le smaointe móra. Agus is breá léi dul i bhfolach. Ba mhaith léi traenáil mar ninja. Ansin, bheadh sí ciúin, gasta, dofheicthe. Ach cén deireadh a bheadh leis?



**'Míp'**  
Máire Zepf agus Paddy Donnelly  
Futa Fata


Tá Míp an róbat cliste, ag dul go Mars, le fáil amach an bhfuil eachtráin ina gcónaí ann. Tógann sí go leor pictiúr, ach cá bhfuil na heachtráin? Ansin, tarlaíonn tubaiste uafásach...



**'An Mac Tíre nach raibh sásta siúl'**  
Orainne Lallemand, Éléonore Thuillier agus Séamas Ó Scolaí  
Leabhar Breac


Bailiúchán de leabhair dheasa thaitneamhacha, lán le mothúcháin agus spraoi, a thugann ar bhóthar na samhlaíochta sinn. Níl an mac tíre sásta siúl níos mó. Is cinnte go bhfuil bealach níos fearr ann! Baineann sé triail as gluaisrothar, as carr, as sciáil agus as eitleán, fiú! Ach is gearr go dtuigeann an mac tíre gurb iad na bróga is fearr!






**'Cití Cearc'**  
**Patricia Forde agus Sarah Preston**  
**Futa Fata**

Tá Cití Cearc ar bís – tá ceithre ubh aici agus í ag súil go mór leis na sicíní a bheidh ag teacht amach go luath. Ach nuair a ghoideann gadaí gránna éigin ceann amháin dá cuid uibheacha, tá Cití trína chéile. An mbeidh sí féin agus a cairde in ann teacht ar an ngadaí gránna agus an ubh álainn a fháil ar ais? Beidh páistí óga, agus duine ar bith, agus duine ar bith a léann an scéal dóibh lag ag gáire ag scéal álainn greannmhar seo.




**'Cosc ar Chrogaill!'**  
**Heather Pindar, Susan Batori agus Cormac Breathnach**  
**An Gúm**

Thug Séabra cuireadh do na hainmhithe go léir teacht chuig a chóisir, ach amháin na crogaill. Tá na crogaill chun sleamhnú isteach agus hainmhithe ar fad ag an gcóisir a alpadh. Ach conas a éireoidh leis na crogaill?




**'Ná Gabh ar Scoil!'**  
**Máire Zepf agus Tarsila Krüse**  
**Futa Fata**

Tá Cóilín uba shuí go moch – inniu a chéad lá ar scoil! Tá éadaí nua aige, tá mála scoile nua aige agus tá a bhosca lóin lán le bia deas. Ach tá fadhb amháin aige – níl Mamaí ag iarraidh ligean dó dul ar scoil!



**'Lísín: Criú Nua ar Bord!'**  
**Patricia Forde agus Joëlle Dreideny**  
**Futa Fata**

Nuair a thugann Lísín cuireadh do na páistí deasa fanacht don oíche, déanann sí dearmad go bhfuil Mama, Daid agus Mamó ag dul amach a oíche chéanna. Tá gach rud ceart go leor go dtí go ndéanann páiste amháin botún mór – botún a chuireann tús le turas an-dainséarach. Tá eagla an domhain ar na páistí deasa. Ach tá plean ag Lísín.



### 'Ainmhithe san Fharrage agus ar an Talamh'

Sarah Dawson

Carroll Education Limited

Smaoinigh agus Pléigh.

Cén chaoi a bhfuil cuán mara agus gráinneog cosúil lena chéile?

Tugann Bran Cuairt  
ar an bhFeirm

Eric Hill




### 'Tugann Bran Cuairt ar an bhFeirm'

Eric Hill

An Gúm

Tugann Bran cuairt ar fheirm a athar, lá. Nuair a deir a athair, Marcas, leis gur saolaíodh ainmhithe óga le déanaí ní shásaíonn rud ar bith é ach an áit a chuardach chun teacht orthu.



### 'Hé! Leat Den Traein'

John Burningham agus Aobheann Uí Chearbhaill

Gill and Macmillan

Tá leagan Gaeilge den scéal draíochtúil seo a bhfuil ráchairt mhór air ar fáil anois. Sa scéal tá buachaill beag ag bríonglóidigh agus déantar Áirc Naoi nua-aoiseach dá thraein, a ghabhann timpeall an domhain istoíche ag bailiú ainmhithe allta atá i mbaol. Tá an leabhar maisithego hálainn le pictiúir ildaite. Táthar ar tí an saothar seo de chuid John Burningham a aithint mar scéal nua-aoiseach den scoth do pháistí.



### 'Fungie'

AnnMarie McCarthy agus Ré Ó Laighléis


Móinín

Fungie pramsach plabarnach preabach – an Deilf is ansa le gach aon pháiste, an Deilf is ansa le gach aon duine fásta. Deilf dhraíochtúil dhásachtach an Daingin! Oscail agus léigh agus bí faoi gheasa ag eachtraíocht éachtach Fungie.




**'Seo an Eolaíocht – Ag fás aníos'**  
Sally Hewitt agus Seán Mac Aindrea  
Franklin Watts

Tá an domhan thart orainn lán ainmhithe atá ag fás agus ag athrú – an babáí a fhásann ina sheandúine nó an bolb a fhásann ina fhéileacán, mar shampla. Agus is gné bhunúsach den eolaíocht é foghlaim foain dóigh a bhfásann daoine agus ainmhithe



**'Kipper'**  
Mick Inkpen  
Scholastic


Tá seanchiseán Kipper caite and gioblach. Tá boladh óna bhlaicéad. Ach an féidir le Kipper áit chónaithe níos fearr a fháil.



**'Aonbheannach Draíochta Peppa'**  
Shanna Ní Rabhartaigh  
Black & White Publishing

Is maith leo a bheith ag súgradh le Ladhra Lútha, an capall, ach ba bhreá leo a bheith ag spraoi le haonbheannach draíochta. An mbeidh Daidí Muc in ann a dhraíocht a imirt lena mian a thabhairt dóibh?






**'Ná Dúisigh an Páiste!'**  
**Patricia Forde agus Steve Simpson**  
**Futa Fata**


Tá Orcó tinn tuirseach de gach duine sa teach a rá 'Ná Dúisigh an Páiste!'

Níl sé ach ag iarraidh súgradh lena bhosca nua draíochta – déanfaidh sé go deas ciúin é! Ach nuair a oibríonn an draíocht agus nuair a eitíonn an páiste amach an fhuinneog, tá lá mór fada roimh Orcó bocht!



**'Lúlú agus an Oíche Ghlórach'**  
**Bridget Bhreathnach agus Steve Simpson**  
**Futa Fata**

Níl Lúlú an moncaí beag in ann dul a codlach. Tá an oíche an-ghlórach agus cuireann an torann ar fad eagla uirthi. Ach nuair a thagann a cara, Jeací an t-ulchabhán ar cuairt, tá plean aici siúd le Lúlú a chur ar a suaimhneas.



**'Dathanna agus Cruthanna'**  
**Ciara Ní Dhuinn**  
**Cló Mhaigh Eo**

Beidh do páiste ag foghlaim faoin dathanna agus cruthanna. Sraith álainn Ghaeilge do pháistí óga scríofa agus maisithe ag Ciara Ní Dhuinn.